Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6255/22**

**COPS 63**
**POLMIL 30**
**EUMC 46**
**CFSP/PESC 164**
**CSDP/PSDC 65**
**COAFR 53**
**POLMAR 14**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6075/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chun Feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le Cur Chun Feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 21 Feabhra 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME CHOINCHEAP NA LÁITHREACHTAÍ MUIRÍ COMHORDAITHE SAN AIGÉAN INDIACH THIAR THUAIDH

1. Aithníonn an Chomhairle an tslándáil mhuirí mar cheann de na príomhréimsí le haghaidh rannpháirtíocht níos doimhne ag an Aontas, agus leagann sí amach roinnt tosaíochtaí maidir le comhar slándála an Aontais. Agus dúshláin shuntasacha ann roimh an ngné mhuirí den ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá ról an Aontais mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú a thuilleadh, ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin. Cuideoidh sé sin leis an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, chun leasanna an Aontais a chosaint agus chun saoirsí na mórmhara a chaomhnú, lena n-áirítear saoirse loingseoireachta.

2. Meabhraítear don Chomhairle a Conclúidí ó mhí Aibreáin 2021 maidir le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus athdhearbhaíonn sí tábhacht straitéiseach an réigiúin, chomh maith leis an ngá atá le láithreacht fhiúntach chabhlaigh Eorpach sa limistéar sin. Trína straitéis maidir leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, tá sé d'aidhm ag an Aontas a fhócas straitéiseach agus a ghníomhaíochtaí straitéiseacha sa réigiún a threisiú chun cur lena chobhsaíocht, lena shlándáil agus lena rathúnas, agus iad sin bunaithe ar an daonlathas, ar an smacht reachta, ar chearta an duine agus ar an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá leanúint de struchtúr slándála réigiúnach atá oscailte agus riailbhunaithe a chur chun cinn sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena n-áirítear línte mara slána cumarsáide agus láithreacht chabhlaigh fheabhsaithe, mar a cuireadh chun suntais sa Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle i mí Mheán Fómhair 2021 i ndáil le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lenar thacaigh an Chomhairle Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2021.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis go gcuidíonn coincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) leis an tslándáil mhuirí mar chuid de Chur Chuige Comhtháite an Aontais agus gur ionstraim éifeachtach úsáideach é, go háirithe maidir leis an leas is fearr is féidir a bhaint as sócmhainní cabhlaigh Bhallstáit an Aontais a imscartar faoina slabhra ceannais náisiúnta chun taidhleoireacht mhuirí an Aontais a neartú.

4. Ós amhlaidh atá, agus na ceachtanna ábhartha a foghlaimíodh ó chás píolótach CMP i Murascaill na Guine á gcur san áireamh, seolann an Chomhairle leis seo cur chun feidhme an choincheapa CMP san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh (NWIO), trí Limistéar Leasa Muirí a bhunú ina gcumhdaítear an limistéar muirí ó Chaolas Hormuz go dtí an Trópaic Theas, agus ón taobh thuaidh den Mhuir Rua i dtreo lár an Aigéin Indiaigh. Leis an gcur chun feidhme sin, comhlánófar gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát sa réigiún, agus urramófar sainordú agus slabhra ceannais Oibríocht ATALANTA ag an am céanna, agus beifear in ann sineirgí níos fearr a chruthú leis na hionstraimí agus leis na cláir ábhartha de chuid an Aontais, i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais. Laistigh den chreat sin, déanfaidh sé comhar le comhpháirtithe a chur chun cinn freisin, lena n-áirítear trí chleachtaí muirí comhpháirteacha agus trí chuairteanna a thabhairt ar chalafoirt, agus éascóidh sé malartú faisnéise, go háirithe tríd an úsáid is fearr a bhaint as córas an Fhaireachais Mhuirí (MARSUR) agus as Cill Comhordaithe an Limistéir Mhuirí Leasa.

5. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle ról Chill Comhordaithe an Limistéir Mhuirí Leasa laistigh de SEGS maidir le comhordú láithreachtaí sócmhainní cabhlaigh Bhallstáit an Aontais a éascú go héifeachtach, chomh maith le feasacht ábhartha ar dhálaí muirí a fhorbairt don Aontas agus dá chuid Ballstát trí fheabhas a chur ar mhalartú faisnéise slándála muirí tríd an tionscadal MARSUR. Ós amhlaidh atá, cuireann an Chomhairle chun suntais freisin an gá atá leis an gcomhar a neartú le hardáin agus le creataí malartaithe sonraí nua atá úsáideach do chur chun feidhme CMP, agus malartú faisnéise slándála muirí á éascú ar an gcaoi sin. Aithníonn an Chomhairle freisin gur gá Comhordaitheoir Sinsearach tiomanta de chuid an Aontais a cheapadh don tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, a ndéanfar a théarmaí tagartha a shainiú a thuilleadh, agus a éascóidh, faoi rialú polaitiúil agus faoi threoir straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála, comhleanúnachas foriomlán ghníomhaíochtaí ghníomhaithe an Aontais agus comhordú eatarthu, chomh maith le comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a neartú, i ndlúthchomhar leis an tionscal muirí.

6. Ar bhonn straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus an Straitéis um Chorn na hAfraice, tar éis an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach, agus roimh an bhFóram Aireachta um Chomhar sa Réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, iarrann an Chomhairle go ndéanfaí cur chuige comhleanúnach foriomlán a fhorbairt i leith an Aigéin Indiaigh, cur chuige a bheidh bunaithe ar choincheap an chomhair chuimsithigh lenár gcomhpháirtithe san Afraic, sa Mheánoirthear agus san Áise. I gcomhthéacs Straitéis Slándála Muirí nuashonraithe an Aontais agus a phlean gníomhaíochta, measann an Chomhairle freisin gur cheart comhar muirí le comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe na Comhfhórsaí Muirí, a fheabhsú. Cuireann an Chomhairle i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé go spreagfaí na Stáit Chósta le glacadh leis go háitiúil.

7. Aithníonn an Chomhairle an ról seanbhunaithe méadaitheach atá ag an Aontas mar sholáthraí slándála muirí san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, go háirithe trí Fhórsa Cabhlaigh an Aontais – Oibríocht ATALANTA don tSomáil. Leis na láithreachtaí cabhlaigh agus na tionscnaimh atá ag an Aontas faoi láthair san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh, cruthaítear spás le haghaidh níos mó rannpháirtíochta amach ón gcósta ag an Aontas leis na heagraíochtaí réigiúnacha agus leis na Stáit Chósta, agus is cloch choirnéil iad sin de chur chuige an Aontais maidir le tionscnaimh idirnáisiúnta san Aigéan Indiach, chomh maith le bheith ina n-ardán comhair sa Mhuir Rua agus san Aigéan Indiach Thiar araon. Ós amhlaidh atá, athdhearbhaíonn an Chomhairle go mbeidh CMP san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh comhlántach le hOibríocht ATALANTA.

8. Sa bhreis air sin, mar thoradh ar an gcomhar le hOibríocht ATALANTA atá ríthábhachtach i gcónaí, chomh maith le gníomhaíochtaí eile CBSC sa réigiún, iarrann an Chomhairle go mbeadh comhordú agus comhar feabhsaithe ann leis an tionscnamh um Fheasacht ar Staid Mhuirí i gCaolas Hormuz faoi stiúir na hEorpa (EMASoH), agus lánurraim á tabhairt don sainordú agus don ghníomhaíocht oibríochtúil ar leith atá aige, rud a chuireann inter alia le timpeallacht loingseoireachta níos sábháilte, saoirse loingseoireachta agus dí-ghéarú.

9. Meabhraítear don Chomhairle gur gá tacú le struchtúr réigiúnach slándála muirí a fhorbairt trí shocruithe idirnáisiúnta a bhunú lena n-áiritheofar creat dlíthiúil comhroinnte don chomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála muirí sa mheántéarma, go háirithe trí na socruithe atá ann cheana a leathnú ó phíoráideacht chun gáinneáil drugaí agus smuigleáil arm a chuimsiú, agus sin i ndlúthchomhar le hOifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta (UNODC).

10. Cuireann an Chomhairle i dtreis a riachtanaí atá sé oibriú, i gcomhréir le Cur Chuige Comhtháite an Aontais, le, *inter alia*, ardáin agus tionscadail amhail an tionscadal *Enhancing Security cooperation in and with Asia* [An Comhar Slándála san Áise agus leis an Áise a Fheabhsú] (ESIWA), agus leis an tionscadal Bealaí Muirí Criticiúla san Aigéan Indiach (CRIMARIO II). Thairis sin, áirítear leis sin an *Clár Slándála Muirí Réigiúnaí don Mhuir Rua*, an *Clár Slándála Muirí Réigiúnaí (MASE)*, chomh maith le Comhordú Réigiúnach an Lárionaid Oibríochtaí (RCOC), agus ag an am céanna, oibriú go dlúth le príomhfhóraim slándála sa réigiún, amhail Siompóisiam Cabhlaigh an Aigéin Indiaigh.

11. Ag tógáil ar na tionscnaimh sin, agus chun comhleanúnachas foriomlán ghníomhaíocht an Aontais sa réigiún a fheabhsú a thuilleadh, déanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:
   - An tAigéan Indiach Thiar Thuaidh a bhunú mar Limistéar Leasa Muirí;
   - Rialú polaitiúil a áirithiú agus treoir straitéiseach a chur ar fáil maidir le cur chun feidhme an choincheapa CMP san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh tríd an gCoiste Polaitiúil agus Slándála, go háirithe maidir le plean cur chun feidhme a bhailíochtú, lena n-áirítear Plean StratCom a fhorbairt, chomh maith le Téarmaí Tagartha do Chomhordaitheoir Sinsearach an Aontais;
   - Fillfidh sé ar choincheap CMP san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh faoi mhí Feabhra 2024 ar a dhéanaí;
   - Breithneoidh sí an bhféadfaí coincheap CMP a chur i bhfeidhm sna limistéir leasa mhuirí eile a d’fhéadfadh a bheith ann.